2024/1699

26.6.2024

Aistriúchán Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Banglaidéise maidir le Gnéithe Áirithe d'Aersheirbhísí

AN tAONTAS EORPACH

de pháirt, agus

DAON-PHOBLACHT NA BANGLAIDÉISE

den pháirt eile

(dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta)

AG TABHAIRT DÁ nAIRE gur tugadh i gcrích comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir roinnt Ballstát den Aontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Banglaidéise ina bhfuil forálacha atá contrártha le dlí an Aontais Eorpaigh,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach maidir le roinnt gnéithe a d'fhéadfaí a áireamh i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus tríú tíortha,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE go bhfuil sé de cheart ag aeriompróirí atá bunaithe i mBallstát, faoi dhlí an Aontais Eorpaigh, rochtain neamh-idirdhealaitheach a fháil ar aerbhealaí idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus tríú tíortha,

AG FÉACHAINT DO na comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha áirithe lena bhforáiltear go bhféadfadh náisiúnaigh na dtríú tíortha sin úinéireacht a fháil ar aeriompróirí arna gceadúnú i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh,

AG AITHINT DÓIBH nach mór forálacha áirithe de na comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Daon-Phoblacht na Banglaidéise, atá contrártha le dlí an Aontais Eorpaigh, a thabhairt i gcomhréir leis d'fhonn bunús dlí fónta a bhunú le haghaidh na n-aersheirbhísí idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Banglaidéise agus chun leanúnachas na n-aersheirbhísí sin a chaomhnú,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE nach bhféadfaidh aeriompróirí, i bprionsabal, comhaontuithe a thabhairt i gcrích a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus arb é cuspóir nó éifeacht na gcomhaontuithe sin an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh,

AG AITHINT DÓIBH, maidir le forálacha i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí a tugadh i gcrích idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Daon-Phoblacht na Banglaidéise, ar forálacha iad i) lena n-éilítear nó lena bhfabhraítear comhaontuithe a ghlactar idir gnóthais, cinntí a dhéanann comhlachais ghnóthas nó cleachtais chomhbheartaithe lena gcoisctear, lena saobhfar nó lena srianfar iomaíocht idir aeriompróirí ar na haerbhealaí iomchuí; nó ii) lena dtreisítear éifeachtaí aon chomhaontaithe, aon chinnidh nó aon chleachtais chomhbheartaithe den sórt sin; nó iii) lena dtarmligtear an fhreagracht as bearta a dhéanamh a dhéanfadh iomaíocht idir aeriompróirí ar na bealaí ábhartha a chosc, a shaobhadh nó a shrianadh chuig aeriompróirí nó chuig oibreoirí eacnamaíocha príobháideacha eile, d'fhéadfadh na rialacha iomaíochta is infheidhme maidir le gnóthais a bheith neamhéifeachtach dá mbarr,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE nach cuspóir de chuid an Aontais Eorpaigh é, mar chuid den chomhaontú seo, an méid iomlán aerthrachta idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Banglaidéise a mhéadú, difear a dhéanamh don chothromaíocht idir aeriompróirí an Aontais Eorpaigh agus aeriompróirí Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise, nó leasuithe a chaibidil ar fhorálacha na gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí a bhaineann le cearta tráchta,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE gur chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, maidir le forálacha áirithe de chuid comhaontuithe déthaobhacha arna ndéanamh ag roinnt de na Ballstáit le tríú tíortha, nach luíonn na forálacha sin le dlí an Aontais Eorpaigh,

AG AITHINT DÓIBH go soláthrófar, le comhsheasmhacht idir dlí an Aontais Eorpaigh agus forálacha comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Daon-Phoblacht na Banglaidéise, modhanna inmharthana chun leanúnachas agus forbairt na n-aersheirbhísí idir an tAontas Eorpach agus an Bhanglaidéis a áirithiú,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE nach gá go ndéanfaí difear leis an gcomhaontú seo d'fhorálacha na gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Daon-Phoblacht na Banglaidéise nach bhfuil ar neamhréir le dlí an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Forálacha ginearálta

1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallóidh 'Ballstáit' Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh agus ciallóidh 'Conarthaí an Aontais' an Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

2. Maidir le tagairtí i ngach ceann de na comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 do náisiúnaigh de chuid an Bhallstáit is páirtí sa chomhaontú sin, tuigfear gur tagairtí iad sin do náisiúnaigh de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

3. Maidir le tagairtí i ngach ceann de na comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 d'aeriompróirí nó d'aerlínte de chuid an Bhallstáit is páirtí sa chomhaontú sin gur ag tagairtí iad sin d'aeriompróirí nó d'aerlínte arna n-ainmniú ag an mBallstát.

Airteagal 2

Ainmniú arna dhéanamh ag Ballstát

1. Forshuífidh na forálacha i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo na forálacha comhfhreagracha sna hairteagail a liostaítear in Iarscríbhinn 2 (a) agus (b) faoi seach, maidir le hainmniú aeriompróra arna dhéanamh ag an mBallstát lena mbaineann, maidir lena údaruithe agus lena cheadanna arna ndeonú ag Daon-Phoblacht na Banglaidéise, agus maidir le húdaruithe nó ceadanna an aeriompróra sin a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú, faoi seach.

2. Ar ainmniú a fháil ó Bhallstát, deonóidh Daon-Phoblacht na Banglaidéise, agus an mhoill is lú is féidir a bheith sa nós imeachta, na húdaruithe agus na ceadanna iomchuí ar na coinníollacha seo a leanas:

i. tá an t-aeriompróir bunaithe faoi Chonarthaí an Aontais ar chríoch an Bhallstáit ainmniúcháin agus tá Ceadúnas Oibríochta bailí aige i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh; agus

ii. maidir leis an mBallstát atá freagrach as eisiúint an Teastais Aeroibreora, feidhmíonn sé agus coinníonn sé ar bun rialú rialála éifeachtach ar an aeriompróir agus aithnítear go soiléir an t-údarás aerloingseoireachta ábhartha san ainmniú; agus

iii. maidir leis an aeriompróir, is leis an mBallstát é, go díreach nó trí úinéireacht tromlaigh, agus rialaíonn Ballstáit agus/nó náisiúnaigh de chuid Ballstáit é, agus/nó rialaíonn stáit eile a liostaítear in Iarscríbhinn 3 agus/nó náisiúnaigh de chuid na stát eile sin é.

3. Féadfaidh Daon-Phoblacht na Banglaidéise údaruithe nó ceadanna aeriompróra arna ainmniú ag Ballstát a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú sna cásanna seo a leanas:

i. níl an t-aeriompróir bunaithe faoi Chonarthaí an Aontais ar chríoch an Bhallstáit ainmniúcháin nó níl ceadúnas oibríochta bailí aige i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh; nó

ii. maidir leis an mBallstát atá freagrach as eisiúint an teastais aeroibreora, ní fheidhmíonn sé nó ní choinníonn sé ar bun rialú rialála éifeachtach ar an aeriompróir nó ní aithnítear go soiléir an t-údarás aerloingseoireachta ábhartha san ainmniú; nó

iii. maidir leis an aeriompróir, ní leis an mBallstát é, go díreach nó trí úinéireacht tromlaigh, nó ní rialaíonn Ballstáit agus/nó náisiúnaigh de chuid Ballstáit é, agus/nó ní rialaíonn stáit eile a liostaítear in Iarscríbhinn 3 agus/nó náisiúnaigh de chuid na stát eile sin é; nó

iv. tá údarú ag an aeriompróir cheana féin oibriú faoi chomhaontú déthaobhach idir Daon-Phoblacht na Banglaidéise agus Ballstát eile agus trí chearta tráchta a fheidhmiú faoin gComhaontú seo ar bhealach lena n-áirítear pointe sa Bhallstát eile sin, rachadh sé timpeall ar shrianta ar na cearta tráchta a fhorchuirtear leis an gcomhaontú eile sin; nó

v. tá ag an aeriompróir teastas aeroibreora arna eisiúint ag Ballstát nach bhfuil comhaontú déthaobhach maidir le haersheirbhísí ag Daon-Phoblacht na Banglaidéise leis agus dhiúltaigh an Ballstát sin cearta tráchta d'iompróir arna ainmniú ag Daon-Phoblacht na Banglaidéise.

Agus a ceart faoin mír seo á fheidhmiú aici, ní dhéanfaidh Daon-Phoblacht na Banglaidéise idirdhealú idir aeriompróirí an Aontais Eorpaigh ar fhorais náisiúntachta.

Airteagal 3

Sábháilteacht

1. Comhlánóidh na forálacha i mír 2 den Airteagal seo na forálacha comhfhreagracha sna hAirteagail a liostaítear in Iarscríbhinn 2(c).

2. I gcás ina mbeidh aeriompróir ainmnithe ag Ballstát a ndéanann Ballstát eile a rialú rialála a fheidhmiú agus a chothabháil, beidh feidhm chomhionann ag cearta Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise faoi fhorálacha sábháilteachta an chomhaontaithe idir an Ballstát a d'ainmnigh an t-aeriompróir agus Daon-Phoblacht na Banglaidéise maidir le caighdeáin sábháilteachta a ghlacadh, a fheidhmiú nó a chothabháil ag an mBallstát eile sin agus maidir le húdarú oibríochta an aeriompróra sin.

Airteagal 4

Cánachas breosla eitlíochta

1. Comhlánóidh na forálacha i mír 2 den Airteagal seo na forálacha comhfhreagracha sna hairteagail a liostaítear in Iarscríbhinn 2(d).

2. D'ainneoin aon fhoráil eile dá mhalairt, ní chuirfidh aon ní dá bhfuil in aon cheann de na comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn 2 (d) cosc ar Bhallstát cánacha, tobhaigh, dleachtanna, táillí ná muirir a fhorchur, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, ar bhreosla a sholáthrófar ina chríoch lena úsáid in aerárthaí aeriompróra ainmnithe de chuid Dhaon Phoblacht na Banglaidéise a oibríonn idir pointe i gcríoch an Bhallstáit sin agus pointe eile i gcríoch an Bhallstáit sin nó i gcríoch Ballstáit eile.

Airteagal 5

Comhoiriúnacht le rialacha iomaíochta

1. D'ainneoin aon fhoráil eile dá mhalairt, ní bheidh aon ní in aon cheann de na comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 lena ndéanfar an méid a leanas: (i) a fhabhrú do ghlacadh comhaontuithe idir gnóthais, do chinntí ag comhlachais ghnóthas ná do chleachtais chomhbheartaithe a choisceann, a shaobhann nó a shrianann iomaíocht; (ii) éifeachtaí aon chomhaontaithe, aon chinnidh nó aon chleachtais chomhbheartaithe den sórt sin a threisiú; nó (iii) an fhreagracht as bearta a dhéanamh a dhéanfadh iomaíocht a chosc, a shaobhadh nó a shrianadh a tharmligean chuig oibreoirí eacnamaíocha príobháideacha.

2. Ní chuirfear i bhfeidhm na forálacha atá sna comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 nach dtagann le mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 6

Iarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú

Is cuid dhílis den Chomhaontú seo iad na hIarscríbhinní a ghabhfaidh leis.

Airteagal 7

Athbhreithniú nó leasú

Féadfaidh na Páirtithe, tráth ar bith, an Comhaontú seo a athbhreithniú nó a leasú de chomhthoil.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm nuair a bheidh fógra i scríbhinn tugtha ag na Páirtithe dá chéile go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm curtha i gcrích.

2. D'ainneoin mhír 1, comhaontaíonn na Páirtithe an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach ón gcéad lá den mhí tar éis an dáta a thug na Páirtithe fógra dá chéile faoi chur i gcrích na nósanna imeachta is gá chun na críche sin.

3. Tá comhaontuithe agus comhshocruithe eile idir Ballstáit agus Daon-Phoblacht na Banglaidéise nach bhfuil tagtha i bhfeidhm fós, ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo, agus nach bhfuil á gcur i bhfeidhm go sealadach liostaithe in Iarscríbhinn 1 (b). Beidh feidhm ag an gComhaontú seo maidir le gach Comhaontú agus gach comhshocrú den sórt sin ar theacht i bhfeidhm dóibh nó arna gcur i bhfeidhm go sealadach.

Airteagal 9

Foirceannadh

1. I gcás ina bhfoirceannfar comhaontú a liostaítear in Iarscríbhinn 1, déanfar forálacha uile an Chomhaontaithe seo a bhaineann leis an gcomhaontú a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a fhoirceannadh ag an am céanna.

2. I gcás ina ndéanfar na comhaontuithe ar fad a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a fhoirceannadh, déanfar an Comhaontú seo a fhoirceannadh ag an am céanna.

Á FHIANÚ SIN, chuir na daoine thíos-sínithe, ar iad a bheith údaraithe go cuí, a lámh leis an gComhaontú seo.

Arna dhéanamh i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris agus sa Bheangáilis.

IARSCRÍBHINN 1

Liosta na gcomhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chomhaontú seo

(a) Comhaontuithe aersheirbhíse idir Daon-Phoblacht na Banglaidéise agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh atá, ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo, tugtha i gcrích, sínithe agus/nó á gcur i bhfeidhm go sealadach

— Comhaontú idir Rialtas Ríocht na Beilge agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise maidir le haersheirbhísí a rinneadh sa Bhruiséil an 20 Eanáir 1995, dá ngairtear 'Comhaontú na Banglaidéise-na Beilge' anseo feasta in Iarscríbhinn 2;

Arna mhodhnú leis an Meabhrán Tuisceana a rinneadh sa Bhruiséil an 20 Iúil 2000;

— Comhaontú idir Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise maidir le haeriompar a rinneadh in Bonn an 8 Nollaig 1992, dá ngairtear 'Comhaontú na Banglaidéise-na Gearmáine' anseo feasta in Iarscríbhinn 2;

Le léamh in éineacht leis an Meabhrán Tuisceana idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise a rinneadh in Bonn an 8 Nollaig 1992;

— Comhaontú idir Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise agus Rialtas Phoblacht na hIodáile maidir le haersheirbhísí idir a gcríoch faoi seach a rinneadh sa Róimh an 16 Nollaig 1980, dá ngairtear 'Comhaontú na Banglaidéise-na hIodáile' anseo feasta in Iarscríbhinn 2;

Le léamh in éineacht leis na Meabhráin Tuisceana rúnda idir Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise agus Rialtas Phoblacht na hIodáile a rinneadh sa Róimh an 16 Nollaig 1980;

— Comhaontú idir Rialtas Ríocht na hÍsiltíre agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise maidir le haersheirbhísí a rinneadh in Dacca an 3 Samhain 1973, dá ngairtear 'Comhaontú na Banglaidéise-na hÍsiltíre' anseo feasta in Iarscríbhinn 2;

Arna mhodhnú leis na Miontuairiscí Comhaontaithe a shínigh toscaireachtaí Ríocht na hÍsiltíre agus Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise sa Háig an 7 Samhain 1989;

Arna mhodhnú leis an Meabhrán Tuisceana idir Rialtas na hÍsiltíre agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise a rinneadh sa Háig an 6 Aibreán 1994.

(b) Comhaontuithe maidir le haersheirbhísí agus comhshocruithe eile ar cuireadh inisealacha leo nó a síníodh idir Daon-Phoblacht na Banglaidéise agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh nach bhfuil, ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo, tagtha i bhfeidhm fós agus nach bhfuil á gcur i bhfeidhm go sealadach.

— Comhaontú idir Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise agus Rialtas Phoblacht na Polainne maidir le haersheirbhísí ar cuireadh inisealacha leis in Dhaka an 9 Meitheamh 1997, dá ngairtear 'Comhaontú na Banglaidéise-na Polainne' anseo feasta in Iarscríbhinn 2;

Le léamh in éineacht leis an Meabhrán Tuisceana idir Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise agus Rialtas Phoblacht na Polainne a rinneadh in Dhaka an 9 Meitheamh 1997;

— Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise agus Rialtas Phoblacht na Fraince ar cuireadh inisealacha leis in Dhaka an 2 Iúil 1998, dá ngairtear 'Comhaontú na Banglaidéise-na Fraince' anseo feasta in Iarscríbhinn 2;

Le léamh in éineacht leis an Meabhrán Tuisceana idir Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise agus Rialtas Phoblacht na Fraince a rinneadh in Dhaka an 2 Iúil 1998;

— Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise agus Rialtas Phoblacht na Slóvaice, ar cuireadh inisealacha leis in Dhaka an 17 Eanáir 2007, dá ngairtear 'Comhaontú na Banglaidéise-na Slóvaice' anseo feasta in Iarscríbhinn 2;

Le léamh in éineacht leis an Meabhrán Tuisceana idir Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise agus Rialtas Phoblacht na Slóvaice a rinneadh in Dhaka an 17 Eanáir 2007;

Arna mhodhnú leis an Meabhrán Tuisceana idir Údaráis Aerloingseoireachta Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise agus Rialtas Phoblacht na Slóvaice a síníodh sa tSlóvaic an 30 Lúnasa 2007.

IARSCRÍBHINN 2

Liosta na n-airteagal sna comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 agus dá dtagraítear in Airteagail 2 go 4 den Chomhaontú seo

(a) Ainmniú arna dhéanamh ag Ballstát:

— Airteagal 3 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Beilge;

— Airteagal 3 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Fraince;

— Airteagal 3 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Gearmáine;

— Airteagal 4 de Chomhaontú na Banglaidéise-na hIodáile;

— Airteagal 3 de Chomhaontú na Banglaidéise-na hÍsiltíre;

— Airteagal 3 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Polainne;

— Airteagal 3 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Slóvaice;

(b) Údaruithe nó ceadanna a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú:

— Airteagal 5 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Beilge;

— Airteagal 4 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Fraince;

— Airteagal 4 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Gearmáine;

— Airteagal 5 de Chomhaontú na Banglaidéise-na hIodáile;

— Airteagal 4 de Chomhaontú na Banglaidéise-na hÍsiltíre;

— Airteagal 4 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Polainne;

— Airteagal 4 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Slóvaice;

(c) Sábháilteacht:

— Airteagal 7 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Beilge;

— Airteagal 8 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Fraince;

— Airteagal 6 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Gearmáine;

— Airteagal 10 de Chomhaontú na Banglaidéise-na hIodáile;

— Airteagal 9 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Polainne;

— Airteagal 9 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Slóvaice;

(d) Cánachas breosla eitlíochta:

— Airteagal 10 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Beilge;

— Airteagal 10 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Fraince;

— Airteagal 8 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Gearmáine;

— Airteagal 6 de Chomhaontú na Banglaidéise-na hIodáile;

— Airteagal 5 de Chomhaontú na Banglaidéise-na hÍsiltíre;

— Airteagal 7 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Polainne;

— Airteagal 6 de Chomhaontú na Banglaidéise-na Slóvaice.

IARSCRÍBHINN 3

Liosta de na stáit eile dá dtagraítear in Airteagal 2 den Chomhaontú seo

(a) Poblacht na hÍoslainne (faoin gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

(b) Prionsacht Lichtinstéin (faoin gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

(c) Ríocht na hIorua (faoin gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

(d) Cónaidhm na hEilvéise (faoin gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hAeriompar).